# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2083 ÓN gCOMHAIRLE

## an 25 Deireadh Fómhair 2022

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Portaingéile chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19 ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhreis ar iarraidh ón bPortaingéil an 11 Lúnasa 2020, dheonaigh an Chomhairle, trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ([2]), cúnamh airgeadais don Phortaingéil i bhfoirm iasachta ar luach uasmhéid EUR 5 934 462 488 í le meánaibíocht uasta 15 bliana, agus le tréimhse infhaighteachta 18 mí, d'fhonn iarrachtaí náisiúnta na Portaingéile a chomhlánú chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe.

(2) Bheartaigh an Phortaingéil an iasacht a úsáid chun scéimeanna oibre gearr-ama, bearta comhchosúla agus bearta a bhaineann leis an tsláinte a mhaoiniú, dá dtagraítear in Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354.

(3) De bhreis ar an dara hiarraidh ón bPortaingéil an 9 Nollaig 2021, chuir an Chomhairle, trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/99 ([3]), leathnaíodh liosta na mbeart ar deonaíodh cúnamh airgeadais ina leith cheana trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354, d'fhonn iarrachtaí náisiúnta na Portaingéile a chomhlánú chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe.

(4) Chuir ráig COVID-19 srian ar chuid shuntasach de lucht saothair na Portaingéile. Is é an toradh air sin mórmhéaduithe tobanna leanúnacha ar chaiteachas poiblí sa Phortaingéil i leith na mbeart dá dtagraítear in Airteagal 3 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354.

(5) Bhí tionchar suntasach ar an airgeadas poiblí ag ráig COVID-19 agus ag na bearta urghnácha a chuir an Phortaingéil i bhfeidhm in 2020, 2021 agus 2022 chun srian a choinneáil ar an ráig sin, agus ag na tionchair shocheacnamaíocha agus sláinte lena mbaineann, agus tá fós. In 2020, bhí easnamh rialtais ghinearálta agus ollfhiachas rialtais 5,8 % agus 135,2 % den olltáirgeacht intíre (OTI) faoi seach ag an bPortaingéil, a laghdaigh go 2,8 % agus 127,4 % faoi seach ag deireadh 2021, Dé réir réamhaisnéis earraigh 2022 ón gCoimisiún, táthar ag súil go mbeidh easnamh rialtais ghinearálta agus ollfhiachas rialtais 1,9 % agus 119,9 % den olltáirgeacht intíre faoi seach ag an bPortaingéil faoi dheireadh 2022. I gcomhréir le réamhaisnéis eatramhach shamhradh 2022 an Choimisiúin, tuartar go dtiocfaidh méadú 6,5 % ar OTI na Portaingéile in 2022.

---

([1]) IO L 159, 20.5.2020, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ón gComhairle an 25 Meán Fómhair 2020 lena ndeonaítear tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Portaingéile chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19 (IO L 314, 29.9.2020, lch. 49).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/99 ón gComhairle an 25 Eanáir 2022 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 lena dtugtar tacaíocht shealadach faoi Rialachán (AE) 2020/672 do Phoblacht na Portaingéile chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála ag eascairt as ráig COVID-19, (IO L 17, 26.1.2022, lch. 47).

(6) An 17 Meán Fómhair 2022, rinne an Phortaingéil iarraidh ar thuilleadh cúnaimh airgeadais ón Aontas dar luach EUR 300 000 000 d'fhonn leanúint dá hiarrachtaí náisiúnta a chomhlánú a gabhadh de láimh in 2020, 2021 agus 2022 chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ráig COVID-19 agus chun freagairt d'iarmhairtí socheacnamaíocha na ráige d'oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe. Go sonrach, rinne an Phortaingéil sraith scéimeanna oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla a leagtar amach in aithrisí (7) go (21) a shíneadh tuilleadh nó a leasú.

(7) Le hAirteagail 298 go 308 de 'Dlí Uimh. 7/2009 an 12 Feabhra', mar a shonraítear tuilleadh le hAirteagal 142 de 'Dlí Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig', tugadh isteach beart chun tacú le conarthaí fostaíochta a choinneáil ar bun trí chur isteach ar bhonn sealadach ar obair nó trí laghdú ar ghnátham oibre a chumhdaítear i gCód Saothair na Portaingéile. Tugadh tuairisc ar an mbeart in Airteagal 3, pointe (a), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354. Ar dtús, rinneadh foráil sa bheart maidir le sochar do ghnólachtaí incháilithe chun 70 % de phá fostaithe a chumhdach, agus tá pá fostaithe cothrom le dhá trian dá ngnáth-olltuarastal. Bhí an ceartúchán dhá thrian sin faoi réir íosteorainn a bhí cothrom leis an íostuarastal náisiúnta agus le huasteorainn atá cothrom le trí oiread an íostuarastail náisiúnta. Ní mór do ghnólachtaí incháilithe a ngníomhaíochtaí gnó a chur ar fionraí nó caillteanais shuntasacha ioncaim a fhulaingt. Ina dhiaidh sin, leathnaíodh an beart, lena n-áirítear trí phá fostaithe a mhéadú go 100 % dá ngnáth-olltuarastal.

(8) Le 'Dlí Foraithne Uimh. 10-G/2020 an 26 Márta',arna leasú le 'Ráiteas Ceartúcháin Uimh. 14/2020 an 28 Márta', Airteagal 4 de 'Dlí Foraithne Uimh. 14-F/2020 an 13 Aibreán', Airteagal 3 de 'Dlí Foraithne Uimh. 20/2020 an 1 Bealtaine', Airteagal 6 de 'Dlí Foraithne 20-H/2020 an 14 Bealtaine',Airteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 27-B/2020 an 19 Meitheamh',agus Airteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 6-C/2021 an 15 Eanáir',agus arna sonrú tuilleadh le Airteagal 142 de 'Dlí Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig', tugadh isteach an tacaíocht speisialta nua shimplithe chun conarthaí fostaíochta a choinneáil ar bun trí chur isteach sealadach ar obair nó gnátham oibre a laghdú. Tugadh tuairisc ar an mbeart in Airteagal 3, pointe (b), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354. Bhí an beart sin cosúil leis an mbeart dá dtagraítear in aithris (7) ach bhí nósanna imeachta simplithe aige chun rochtain níos gaiste ar chistí a cheadú. Ar dtús, rinneadh foráil sa bheart maidir le sochar do ghnólachtaí incháilithe chun 70 % de phá fostaithe a chumhdach, agus tá pá fostaithe cothrom le dhá trian dá ngnáth-olltuarastal, chomh maith le díolúine ó ranníocaíochtaí slándála sóisialta an fhostóra. Bhí an ceartúchán dhá thrian sin faoi réir íosteorainn a bhí cothrom leis an íostuarastal náisiúnta agus le huasteorainn atá cothrom le trí oiread an íostuarastail náisiúnta. Ní mór do ghnólachtaí incháilithe a ngníomhaíochtaí gnó a chur ar fionraí go sealadach nó caillteanais ioncaim 40 % ar a laghad a bheith acu sa tréimhse 30 lá roimh an iarraidh ar thacaíocht a dhéanamh, i gcomparáid leis an mí chéanna den bhliain roimhe sin nó le meán míosúil an 2 mhí roimh an tréimhse sin. Ina dhiaidh sin, cuireadh síneadh leis an mbeart roinnt uaireanta, lena n-áirítear trí pá fostaithe a mhéadú go 100 % dá ngnáth-ollioncam go sealadach in imthosca sonracha. Ós rud é gurb é atá i bhfaoiseamh ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta ioncam tarscaoilte don rialtas ginearálta, chun críocha Rialachán (AE) 2020/672, is féidir a mheas go bhfuil sé coibhéiseach le caiteachas poiblí.

(9) Le hAirteagal 5(2) agus Airteagail 7 go 9 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-G/2020 an 26 Márta' bunaíodh, i gcás ina raibh gnólachtaí ag baint tairbhe as na bearta dá dtagraítear in aithrisí (7) nó (8), agus nuair a bhí clár oiliúna acu a d'fhormheas na seirbhísí náisiúnta poiblí fostaíochta agus oiliúna ('*Instituto do Emprego de Formação Profissional*', IEFP), faoi na cláir ghairme speisialta, go bhféadfaí liúntais oiliúna a dheonú chun athsholáthar ioncaim a chumhdach, chomh maith leis na costais nasctha le haghaidh oiliúna, a bheadh le tarlú le linn uaireanta oibre, mar rogha mhalartach ar am oibre na bhfostaithe a laghdú. Tugadh tuairisc ar an mbeart in Airteagal 3, pointe (c), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354.

(10) Le hAirteagail 4 agus 5 de 'Dlí Foraithne Uimh .27-B/2020 an 19 Meitheamh' agus Airteagail 14-A de 'Dlí Foraithne Uimh. 46-A/2020 an 30 Iúil', arna leasú le hAirteagal 4 de 'Dlí Foraithne Uimh. 6-C/2021 an 15 Eanáir',Airteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 23-A/2021 an 24 Márta',agus Airteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 32/2021 an 12 Bealtaine', agus mar a shonraítear in 'Ordú Rialtais Uimh. 102-A/2021 an 14 Bealtaine', tugadh isteach tacaíocht speisialta nua do ghnólachtaí chun a gcuid gníomhaíochtaí gnó a atosú. Tugtar tuairisc ar an mbeart in Airteagal 3, pointe (d), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354. Ar dtús, chun an t-aistriú ar ais chuig an obair a éascú agus chun tacú le coinneáil post, d'fhéadfadh gnólachtaí ar bhain a bhfostaithe tairbhe as na bearta dá dtagraítear in aithrisí (7) nó (8) sochar a fháil atá cothrom leis an íostuarastal náisiúnta in aghaidh an fhostaí ábhartha a íoctar in aon

tráthchuid amháin, nó dhá oiread an íostuarastail náisiúnta in aghaidh an fhostaí sin a íoctar ar bhealach céimnithe thar 6 mhí. Nuair a cuireadh tacaíocht ar fáil ar bhealach céimnithe, bhí na gnólachtaí chun tairbhe a bhaint as díolúine páirteach 50 % ó ranníocaíochtaí slándála sóisialta an fostóra faoi seach maidir leis na fostaithe ábhartha. Ina dhiaidh sin, leathnaíodh an beart roinnt uaireanta, lena n-áirítear trí mhicrifhiontair ar bhain a bhfostaithe tairbhe as an mbeart dá dtagraítear in aithris (12) a chur leis mar ghnólachtaí incháilithe, a d'fhéadfadh sochar a fháil ansin a bheadh cothrom le dhá oiread an íostuarastail náisiúnta in aghaidh an fhostaí sin a íoctar ar bhealach céimnithe thar 6 mhí.

(11) Le hAirteagal 3 de 'Dlí Foraithne Uimh. 27-B/2020 an 19 Meitheamh', arna leasú le hAirteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 58-A/2020 an 14 Lúnasa', tugadh isteach forlíonadh cobhsaithe ioncaim nua le haghaidh fostaithe atá ag baint tairbhe as bearta dá dtagraítear in aithrisí (7) nó (8) ar feadh tréimhse 1 mhí ar a laghad (arna shonrú mar 30 lá as a chéile ina dhiaidh sin) sa tréimhse idir mí Aibreáin go mí an Mheithimh 2020. Tugtar tuairisc ar an mbeart in Airteagal 3, pointe (e), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ón gComhairle. Ba iad na fostaithe incháilithe na fostaithe sin nár sháraigh a n-olltuarastal maidir le Feabhra 2020 dhá oiread an íostuarastail náisiúnta. Bhí na fostaithe i dteideal sochar a fháil atá cothrom leis an difríocht idir olltuarastal Feabhra 2020 agus olltuarastal na tréimhse inar cumhdaíodh na fostaithe le ceann amháin den dá bheart thuasluaite, le híosteorainn EUR 100 agus uasteorainn EUR 351.

(12) Le hAirteagal 4 de 'Dlí Foraithne Uimh. 46-A/2020 an 30 Iúil', arna leasú le hAirteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 90/2020 an 19 Deireadh Fómhair', Airteagal 142 de 'Dlí Foraithne Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig', Airteagal 3 de 'Dlí Foraithne Uimh. 6-C/2021 an 15 Eanáir', Airteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 23-A/2021 an 24 Márta', agus Airteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 71-A/2021 an 13 Lúnasa', tugadh isteach tacaíocht speisialta nua chéimnitheach chun conarthaí fostaíochta a choinneáil ar bun trí ghnátham oibre a laghdú go sealadach. Tugtar tuairisc ar an mbeart in Airteagal 3, pointe (f), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ón gComhairle. Ar dtús, rinneadh foráil sa bheart maidir le sochar do ghnólachtaí incháilithe chun 70 % de chúiteamh fostaithe as uaireanta nár oibríodh a chumhdach, agus bhí an cúiteamh sin cothrom le dhá thrian dá ngnáth-olltuarastal a chomhfhreagraíonn d'uaireanta nár oibríodh i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair 2020, nó a chomhfhreagraíonn do cheithre chúigiú dá ngnáth-olltuarastal a chomhfhreagraíonn d'uaireanta nár oibríodh i mí Dheireadh Fómhair go mí na Nollaig 2020. Mar thoradh air sin, bhí olltuarastal foriomlán na bhfostaithe faoi réir teorainn níos ísle a bhí cothrom leis an íostuarastal náisiúnta.

Rinneadh foráil sa bheart freisin maidir le díolúine iomlán nó pháirteach ó ranníocaíochtaí slándála sóisialta na bhfostóirí faoi seach, arna chalabrú de réir na ngnólachtaí incháilithe a bheith ina mhicrifhiontair agus ina bhfiontair bheaga agus mheánmhéide nó ina bhfiontair mhóra. Ní mór do ghnólachtaí incháilithe a ngníomhaíochtaí gnó a chur ar fionraí go sealadach nó caillteanais ioncaim 40 % ar a laghad a bheith acu sa tréimhse 30 lá roimh an iarraidh ar thacaíocht a dhéanamh, i gcomparáid leis an mí chéanna den bhliain roimhe sin nó le meán míosúil an 2 mhí roimh an tréimhse sin. Rinneadh an t-uaslaghdú sealadach ar ghnátham oibre a chalabrú chun méadú de réir mhéid chaillteanais ioncaim na ngnólachtaí incháilithe. Ina dhiaidh sin, leathnaíodh an beart roinnt uaireanta, lena n-áirítear trí ghnólachtaí a raibh caillteanais ioncaim 25 % ar a laghad acu a dhéanamh incháilithe, an t-uaslaghdú sealadach ar ghnátham oibre a athchalabrú de réir mhéid chaillteanais ioncaim na ngnólachtaí incháilithe, cúiteamh fostaithe a mhéadú go sealadach go 100 % dá ngnáth-olltuarastal a chomhfhreagraíonn d'uaireanta nár oibríodh, agus céimniú amach faoisimh maidir le ranníocaíochtaí slándála sóisialta fostóirí a thabhairt isteach. Ós rud é gurb é atá i bhfaoiseamh ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta ioncam tarscaoilte don rialtas ginearálta, chun críocha Rialachán (AE) 2020/672, is féidir a mheas go bhfuil sé coibhéiseach le caiteachas poiblí.

(13) Le hAirteagal 26 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta',arna leasú le hAirteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 12-A/2020 an 6 Aibreán', Airteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 14 F/2020 an 13 Aibreán', Airteagal 4 de 'Dlí Foraithne Uimh. 20-C/2020 an 7 Bealtaine', Airteagal 9 de 'Dlí Foraithne Uimh. 27-A/2020 an 24 Iúil', agus Airteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 31/2020 an 11 Lúnasa',chomh maith le hAirteagal 325-G de 'Dlí Uimh. 2/2020 an 31 Márta',arna chur isteach le Airteagal 3 de 'Dlí Uimh. 27-A/2020 an 24 Iúil', tugtar isteach tacaíocht speisialta nua do dhaoine féinfhostaithe, d'oibrithe neamhfhoirmiúla agus do bhainisteoirí. Tugadh tuairisc ar an mbeart in Airteagal 3, pointe (g) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354. Ar dtús, leis an mbeart soláthraíodh sochar míosúil a bhí cothrom le hioncam cláraithe na ndaoine aonair, le huasteorainn a bhí cothrom le hinnéacs tacaíochta sóisialta na Portaingéile ('*Indexante dos Apoios Sociais*', IAS, ag EUR 438,81 in 2020). Ba iad na daoine

incháilithe na daoine a chuir a ngníomhaíochtaí gnó ar fionraí. Ina dhiaidh sin, leathnaíodh an beart roinnt uaireanta, lena n-áirítear trí dhaoine a raibh caillteanais ioncaim 40 % ar a laghad acu sa tréimhse 30 lá roimh an iarraidh ar thacaíocht a dhéanamh incháilithe, i gcomparáid leis an mí chéanna den bhliain roimhe nó le meán míosúil an 2 mhí roimh an tréimhse sin, arna athchalabrú chun an sochar míosúil a dhéanamh cothrom le hioncam cláraithe an duine aonair, le huasteorainn cothrom le hinnéacs tacaíochta sóisialta na Portaingéile, nuair a bhí ioncam cláraithe daoine aonair níos ísle ná 1,5 oiread innéacs tacaíochta sóisialta na Portaingéile, nó le dhá thrian d'ioncam cláraithe daoine aonair, le huasteorainn cothrom leis an íostuarastal náisiúnta, i gcás ina raibh ioncam cláraithe an daoine aonair cothrom le 1,5 oiread innéacs tacaíochta sóisialta na Portaingéile nó os a chionn, agus íosteorainn a shocrú cothrom le 50 % d'innéacs tacaíochta sóisialta na Portaingéile.

(14) Le hAirteagal 23 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta', arna leasú le hAirteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 12-A/2020 an 6 Aibreán', agus le hAirteagal 3 de 'Dlí Foraithne Uimh. 16/2021 an 7 Aibreán', tugtar isteach liúntas teaghlaigh d'fhostaithe nach féidir leo a bheith ag obair mar gheall ar an ngá atá ann cúnamh a thabhairt dá leanaí nó do dhaoine spleácha eile faoi 12 bhliain d'aois, nó, gan beann ar aois, daoine a bhfuil míchumas nó galar ainsealach orthu. Tugadh tuairisc ar an mbeart in Airteagal 3, pointe (h), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354. Leis an mbeart, soláthraíodh sochar a chomhfhreagraíonn do dhá thrian den ghnáth-olltuarastal, arna íoc ag an bhfostóir agus ag an tslándáil shóisialta i gcodanna comhionanna, le híosteorainn atá cothrom leis an íostuarastail náisiúnta agus uasteorainn atá cothrom le trí oiread an íostuarastail náisiúnta. Is féidir an beart sin a mheas mar bheart comhchosúil le scéimeanna oibre gearr-ama, dá dtagraítear i Rialachán (AE) 2020/672, ós rud é go soláthraíonn sé tacaíocht ioncaim d'fhostaithe, rud a chabhróidh le costais cúraim leanaí a chumhdach le linn dúnadh scoile agus a chabhróidh le tuismitheoirí chun leanúint de bheith ag obair dá bhrí sin, rud a chuirfidh cosc ar an gcaidreamh fostaíochta a chur i mbaol.

(15) Le 'Ordú Rialtais Uimh. 3485-C/2020 an 19 Márta','Ordú Rialtais Uimh. 4395/2020 an 10 Aibreán', agus 'Ordú Rialtais Uimh. 5897-B/2020 an 28 Bealtaine', tugadh isteach beart tacaíochta speisialta chun conarthaí fostaíochta oiliúnóirí a choinneáil ar bun i bhfianaise chealú na gairmoiliúna. Tugadh tuairisc ar an mbeart in Airteagal 3, pointe (i), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ón gComhairle. Is éard a bhí i gceist le tacaíocht phoiblí sochar lena gcumhdaítear tuarastal na n-oiliúnóirí fiú mura ndearnadh an ghairmoiliúint.

(16) Le 'Ordú na nAirí Saothair, Dlúthpháirtíochta agus Slándála Sóisialta, agus Sláinte Uimh. 2875-A/2020 an 3 Márta', Airteagal 20 de 'Dlí Foraithne 10-A/2020 an 13 Márta', arna leasú le hAirteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 62-A/2020 an 3 Meán Fómhair', agus Airteagal 325-F de 'Dlí Uimh. 2/2020 an 31 Márta', arna leasú le hAirteagal 3 de 'Dlí Foraithne Uimh. 27-A/2020 an 24 Iúil', tugadh isteach liúntas breoiteachta de bharr tolgadh COVID-19. Tugadh tuairisc ar an mbeart in Airteagal 3, pointe (m), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ón gComhairle. I gcomparáid le scéim liúntais breoiteachta chaighdeánach na Portaingéile, ní raibh deonú liúntas breoiteachta COVID-19 faoi réir tréimhse feithimh. Is éard a bhí sa tacaíocht phoiblí sochar a bhí cothrom le gnáth-olltuarastal na dtairbhithe.

(17) Le hAirteagal 19 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta', arna leasú le hAirteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 62-A/2020 an 3 Meán Fómhair', agus le hAirteagal 325-F de 'Dlí Uimh. 2/2020 an 31 Márta', arna leasú le hAirteagal 3 de 'Dlí Foraithne Uimh. 27-A/2020 an 24 Iúil', tugadh isteach liúntas d'fhostaithe agus do dhaoine ar cuireadh cosc sealadach orthu a ngníomhaíochtaí gairmiúla a fheidhmiú toisc go raibh siad i leithlisiú próifiolacsach. Tugadh tuairisc ar an mbeart in Airteagal 3, pointe (l), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354. Ní raibh deonú an liúntais faoi réir tréimhse feithimh. Bhí na fostaithe nó na daoine féinfhostaithe is tairbhí i dteideal liúntas a fháil a bhí cothrom lena ngnáth-olltuarastal.

(18) Le 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 97/2020 an 8 Aibreán', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 120/2020 an 28 Aibreán', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 128/2020 an 5 Bealtaine', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 129/2020 an 5 Bealtaine', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 195/2020 an 15 Iúil', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 196/2020 an 15 Iúil', agus 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 200/2020 an 17 Iúil', tugadh isteach roinnt bearta réigiúnacha a bhaineann leis an bhfostaíocht i réigiún féinrialaitheach na nAsór. Tugadh tuairisc ar na bearta in Airteagal 3(j) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ón gComhairle. Is é a bhí i gceist leis na bearta an fhostaíocht a chaomhnú sna hAsóir le linn ráig COVID-19, lena n-áirítear breisiú réigiúnach ar scéimeanna ar fud na tíre, eadhon maidir le hobair ghearr-ama, chomh maith le tacaíocht do dhaoine féinfhostaithe agus do ghnólachtaí chun a gcuid gníomhaíochtaí gnó a atosú. Bhí tacaíocht faoi na bearta sin ag brath ar ghnólachtaí conarthaí fostaíochta a chaomhnú agus a ngníomhaíochtaí gnó a choinneáil ar bun.

(19) Le 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach Mhaidéara Uimh. 101/2020 an 13 Márta' agus le 'Reacht Uimh. 133-B/2020 ó Leas-Uachtaránacht Rialtas Réigiúnach Mhaidéara agus ón Rúnaíocht Réigiúnach um Chuimsiú Sóisialta agus Saoránacht an 22 Aibreán', tugadh isteach roinnt bearta réigiúnacha a bhaineann leis an bhfostaíocht i réigiún féinrialaitheach Mhaidéara. Tugadh tuairisc ar na bearta in Airteagal 3(k) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ón gComhairle. Is é a bhí i gceist leis na bearta an fhostaíocht a chaomhnú i Maidéara le linn ráig COVID-19, lena n-áirítear breisiú réigiúnach ar scéimeanna ar fud na tíre, eadhon maidir le hobair ghearr-ama, chomh maith le tacaíocht do dhaoine féinfhostaithe agus do ghnólachtaí chun a gcuid gníomhaíochtaí gnó a atosú. Bhí tacaíocht faoi na bearta sin ag brath ar ghnólachtaí conarthaí fostaíochta a chaomhnú agus a ngníomhaíochtaí gnó a choinneáil ar bun.

(20) Le hAirteagal 156 de 'Dlí Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig', agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i bpointí (2)(c) go (f) ann, mar a shonraítear a thuilleadh i 'Reacht Uimh. 19-A/2021 ón Rialtas an 25 Eanáir', agus arna leathnú le hAirteagal 12 de 'Dlí Foraithne Uimh. 104/2021 an 27 Samhain', tugadh isteach scéim tacaíochta urghnách d'oibrithe féinfhostaithe, d'oibrithe nach raibh rochtain acu ar shásraí cosanta sóisialta eile, agus do bhainisteoirí a ndearna paindéim COVID-19 difear ar leith dá n-ioncam. Tugadh tuairisc ar an mbeart in Airteagal 3, pointe (r), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354. I gcás oibrithe féinfhostaithe, rinneadh foráil sa bheart maidir le sochar a bhí cothrom le dhá thrian den titim in ioncam míosúil na n-oibrithe, le huasteorainn EUR 501,16. Ba iad na hoibrithe féinfhostaithe incháilithe na daoine a raibh titim san ioncam acu de 40 % ar a laghad sa tréimhse ó mhí an Mhárta go mí na Nollag 2020, i gcomparáid le 2019.

I gcás na n-oibrithe nach bhfuil rochtain acu ar shásraí cosanta sóisialta eile, rinneadh foráil sa bheart maidir leis an méid seo a leanas: (i) i gcás fostaithe, sochar a bhí cothrom leis an difríocht idir an luach tagartha míosúil de EUR 501,16 agus an meánphá míosúil in aghaidh an duine fhásta sa teaghlach lena mbaineann; nó, (ii) i gcás oibrithe féinfhostaithe, sochar a bhí cothrom le dhá thrian den titim in ioncam míosúil na n-oibrithe, le huasteorainn EUR 501,16. I gcás bainisteoirí, rinneadh foráil sa bheart maidir le sochar a bhí cothrom lena meánioncam míosúil tagartha, nuair a bhí sé sin níos lú ná 1,5 oiread innéacs tacaíochta sóisialta na Portaingéile ('*Indexante dos Apoios Sociais*', IAS, ag EUR 438,81 in 2021), nó a bhí cothrom le dhá thrian dá meánioncam míosúil tagartha, nuair a bhí sé sin cothrom leis an innéacs thuasluaite nó níos mó ná sin. Ba iad na bainisteoirí incháilithe na daoine a raibh a ngníomhaíochtaí gnó ar fionraí go sealadach de bharr phaindéim COVID-19, nó na daoine a raibh caillteanais ioncaim acu de 40 % ar a laghad sna 30 lá roimh an iarraidh ar thacaíocht, i gcomparáid leis an mí chéanna den bhliain roimhe sin, nó leis an meán míosúil den dá mhí roimh an tréimhse sin. I ngach cás, tá íosteorainn ag an sochar a bhí cothrom le EUR 50, a méadaíodh go 50 % den titim san ioncam míosúil a tugadh faoi deara nuair a bhí an titim sin idir 50 % agus 100 % d'innéacs tacaíochta sóisialta na Portaingéile, nó go 50 % d'innéacs tacaíochta sóisialta na Portaingéile nuair a bhí an titim san ioncam níos mó ná an t-innéacs thuasluaite.

(21) Le pointe 2,5.1 den 'Iarscríbhinn a ghabhann le Rún ó Chomhairle na nAirí Uimh. 41/2020 an 6 Meitheamh', mar a shonraítear a thuilleadh in Airteagail 10 go 12 de 'Reacht Uimh. 180/2020 ón Rialtas an 3 Lúnasa', agus arna leathnú le hAirteagail 5 go 7 den Iarscríbhinn a ghabhann le 'Reacht Uimh. 37-A/2021 ón Rialtas an 15 Feabhra', tugadh isteach scéim tacaíochta sóisialta d'ealaíontóirí, d'údair, do theicneoirí agus do ghairmithe ealaíne eile. Tugadh tuairisc ar an mbeart in Airteagal 3(s) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 ón gComhairle. Rinneadh foráil sa bheart maidir le sochar míosúil a bhí cothrom le hinnéacs tacaíochta sóisialta na Portaingéile ('*Indexante dos Apoios Sociais*', IAS, ag EUR 438,81 in 2021).

(22) Sraith beart a bhaineann leis an tsláinte chun aghaidh a thabhairt ar ráig COVID-19, chuir an Phortaingéil síneadh breise léi nó rinne sí leasú uirthi. Go háirithe, baineann sé sin leis na bearta a leagtar amach in aithrisí (23) go (27).

(23) Le 'Norm Uimh. 012/2020 an 6 Bealtaine', arna leasú an 14 Bealtaine 2020, agus 'Norm Uimh. 013/2020 an 10 Meitheamh', arna leasú an 23 Meitheamh 2020, an dá cheann arna n-eisiúint ag Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte na Portaingéile, chomh maith le 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta, bhíothas in ann trealamh cosanta pearsanta a cheannach lena úsáid san ionad oibre, go háirithe in ospidéil phoiblí, in aireachtaí líne, i mbardais agus i réigiúin fhéinrialaitheacha na nAsór agus Mhaidéara. Tugtar tuairisc ar an mbeart in Airteagal 3, pointe (n), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354.

(24) Le 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta', tugadh isteach feachtas um shláinteachas scoile a bhí dírithe ar a áirithiú go bhfillfeadh léachtóirí, baill foirne eile agus mic léinn ar an obair go sábháilte. Tugadh tuairisc ar an mbeart in Airteagal 3, pointe (o), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354.

(25) Le 'Norm Uimh. 012/2020 an 6 Bealtaine', arna leasú an 14 Bealtaine 2020, agus le 'Norm Uimh. 013/2020 an 10 Meitheamh', arna leasú an 23 Meitheamh 2020, an dá cheann arna n-eisiúint ag Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte na Portaingéile, ceadaíodh tástáil maidir le tolgadh COVID-19 a dhéanamh ar othair chónaitheacha agus ar oibrithe in ospidéil phoiblí, chomh maith le fostaithe i dtithe altranais agus in áiseanna cúram leanaí. Tugadh tuairisc ar an mbeart in Airteagal 3, pointe (p). de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354.

(26) Le hAirteagal 42-A de 'Dlí Uimh. 2/2020 an 31 Márta', arna leasú le hAirteagal 3 de 'Dlí Uimh. 27-A/2020 an 24 Iúil', agus le hAirteagal 291 de 'Dlí Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig', tugadh isteach cúiteamh speisialta nua d'oibrithe sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte a bhfuil baint acu sa troid in aghaidh ráig COVID-19. Tugadh tuairisc ar an mbeart in Airteagal 3, pointe (q), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354. Rinneadh foráil sa bheart maidir le bónas feidhmíochta, nár íocadh ach uair amháin, a chomhfhreagair do mhéid a bhí cothrom le 50 % de ghnáth-olltuarastal an fhostaí.

(27) Le hAirteagal 6 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta', agus le hAirteagail 4 go 8 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2021 an 2 Feabhra', ceadaíodh fostú gairmithe cúraim sláinte breise agus ragobair sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an bpaindéim. Tugtar tuairisc ar an mbeart in Airteagal 3, pointe (t), de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354.

(28) Comhlíonann an Phortaingéil na coinníollacha maidir le cúnamh airgeadais a iarraidh a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán (AE) 2020/672. Chuir an Phortaingéil fianaise chuí ar fáil don Choimisiún a léiríonn go bhfuil méadú EUR 6 920 192 416 tagtha ar chaiteachas poiblí iarbhír agus ar chaiteachas poiblí pleanáilte ón 1 Feabhra 2020 mar thoradh ar na bearta náisiúnta a glacadh chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí socheacnamaíocha ráig COVID-19. Is mórmhéadú tobann é sin toisc go mbaineann sé freisin le síneadh nó le leasú ar bhearta náisiúnta atá ann cheana a bhaineann go díreach le scéim oibre gearr-ama agus bearta comhchosúla lena gcumhdaítear cuid shuntasach de ghnóthais agus de lucht saothair na Portaingéile. Tá sé beartaithe ag an bPortaingéil EUR 386 417 324 den mhéid méadaithe caiteachais a mhaoiniú trí chistí an Aontais agus EUR 299 312 604 trína maoiniú féin.

(29) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an bPortaingéil agus d'fhíoraigh sé an mórmhéadú tobann ar chaiteachas poiblí iarbhír agus ar chaiteachas poiblí beartaithe a bhaineann go díreach le scéimeanna oibre gearr-ama agus le bearta comhchosúla, chomh maith le bearta sláinte a bhaineann le ráig COVID-19, dá dtagraítear in iarraidh an 17 Meán Fómhair 2022, i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2020/672.

(30) Is é EUR 1 382 230 075 an méid atá sna bearta a bhaineann leis an tsláinte, dá dtagraítear in iarraidh na Portaingéile an 17 Meán Fómhair 2022 agus in aithrisí (23) go (27).

(31) Ba cheart, dá bhrí sin, cúnamh airgeadais a chur ar fáil d'fhonn cuidiú leis an bPortaingéil aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí socheacnamaíocha an tsuaite eacnamaíoch ghéir a tharla de dheasca ráig COVID-19. Ba cheart don Choimisiún na cinntí maidir le haibíochtaí, méid agus scaoileadh tráthchodanna agus tráinsí a dhéanamh i ndlúthchomhar leis na húdaráis náisiúnta.

(32) Ós rud é go bhfuil an tréimhse infhaighteachta a léirítear i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 imithe in éag, tá gá le tréimhse infhaighteachta nua le haghaidh an chúnaimh airgeadais bhreise. Ba cheart síneadh 21 mhí a chur leis an tréimhse infhaighteachta 18 mí le haghaidh cúnamh airgeadais a dheonaítear le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354, agus mar thoradh air sin, ba cheart gur 39 mí ag tosú ón gcéad lá tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 a bheadh sa tréimhse infhaighteachta iomlán.

(33) Ba cheart don Phortaingéil agus don Choimisiún an Cinneadh seo a chur san áireamh sa chomhaontú iasachta dá dtagraítear in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2020/672.

(34) Ba cheart don Chinneadh seo a bheith gan dochar do thoradh aon nós imeachta a bhaineann le saobhadh ar oibriú an mhargaidh inmheánaigh a fhéadfar a dhéanamh, go háirithe de bhun Airteagail 107 agus 108 den Chonradh. Ní sháraítear an ceanglas atá ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi Airteagal 108 den Chonradh faoi chásanna státchabhrach a d'fhéadfadh a bheith ann.

(35) Ba cheart don Phortaingéil an Coimisiún a chur ar an eolas ar bhonn rialta faoi cur chun feidhme an chaiteachais phoiblí bheartaithe, chun a chur ar chumas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar a mhéid a chuir an Phortaingéil an caiteachas sin chun feidhme.

(36) Rinneadh an cinneadh chun cúnamh airgeadais a sholáthar agus riachtanais reatha agus riachtanais ionchasacha na Portaingéile á gcur san áireamh, chomh maith le hiarrataí ar chúnamh airgeadais de bhun Rialachán (AE) 2020/672 atá curtha isteach cheana féin ag Ballstáit eile nó atá beartaithe acu a gcur isteach, agus prionsabail na córa comhionainne, na dlúthpháirtíochta, na comhréireachta agus na trédhearcachta á gcur i bhfeidhm ag an am céanna,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1354 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

"1. Cuirfidh an tAontas iasacht ar fáil don Phortaingéil arb é uasmhéid EUR 6 234 462 488 a bheidh inti. 15 bliana an uastréimhse aibíochta ar an meán a bheidh ag an iasacht sin.

2. 39 mí ag tosú ón gcéad lá tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo a bheidh sa tréimhse infhaighteachta le haghaidh cúnamh airgeadais a dheonaítear leis an gCinneadh seo.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Scaoilfear an chéad tráthchuid faoi réir theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe iasachta dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2020/672. Scaoilfear aon tráthchuid bhreise i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe iasachta sin nó, i gcás inarb ábhartha, beidh siad faoi réir theacht i bhfeidhm aguisín a ghabhann leis, nó faoi réir theacht i bhfeidhm comhaontaithe iasachta leasaithe arna thabhairt i gcrích idir an Phortaingéil agus an Coimisiún a chuirfear in ionad an chomhaontaithe iasachta bhunaidh.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

"*Airteagal 3*

Féadfaidh an Phortaingéil na bearta seo a leanas a mhaoiniú:

(a) an tacaíocht chun conarthaí fostaíochta a choinneáil ar bun trí chur isteach sealadach ar an obair nó trí laghdú ar an ngnátham oibre, dá bhforáiltear in Airteagail 298 go 308 de 'Dlí Uimh. 7/2009 an 12 Feabhra', mar a shonraítear a thuilleadh le hAirteagal 142 de 'Dlí Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig';

(b) an tacaíocht speisialta nua agus simplithe chun conarthaí fostaíochta a choinneáil ar bun trí chur isteach sealadach ar an obair nó trí laghdú ar an ngnátham oibre, dá bhforáiltear in 'Dlí Foraithne Uimh. 10-G/2020 an 26 Márta', arna leasú go deireanach le hAirteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 27-B/2020 an 19 Meitheamh', agus mar a shonraítear a thuilleadh le hAirteagal 142 de 'Dlí Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig';

(c) na gairmchláir speisialta chun conarthaí fostaíochta a choinneáil ar bun trí chur isteach sealadach ar an obair nó trí laghdú ar an ngnátham oibre, dá bhforáiltear in Airteagail 5(2) agus 7 go 9 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-G/2020 an 26 Márta';

(d) an tacaíocht speisialta nua do ghnólachtaí chun a ngníomhaíochtaí gnó a atosú, dá bhforáiltear in Airteagail 4 agus 5 de 'Dlí Foraithne Uimh. 27-B/2020 an 19 Meitheamh', agus in Airteagal 14-A de 'Dlí Foraithne Uimh. 46-A/2020 an 30 Iúil', arna leasú go deireanach le hAirteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 32/2021 an 12 Bealtaine', agus mar a shonraítear in 'Ordú Uimh. 102-A/2021 ón Rialtas an 14 Bealtaine';

(e) an forlíonadh cobhsaithe ioncaim nua d'fhostaithe a thairbhíonn de bhearta dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b) chun conarthaí fostaíochta a choinneáil ar bun trí chur isteach sealadach ar an obair nó trí laghdú ar an ngnátham oibre, dá bhforáiltear in Airteagal 3 de 'Dlí Foraithne Uimh. 27-B/2020 an 19 Meitheamh', arna leasú le hAirteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 58-A/2020 an 14 Lúnasa';

(f) an tacaíocht speisialta nua agus forásach chun conarthaí fostaíochta a choinneáil i rith briseadh sealadach na hoibre nó i rith an laghdaithe ar ghnátham oibre, dá bhforáiltear in Airteagal 4 de 'Dlí Foraithne Uimh. 46-A/2020 an 30 Iúil', arna leasú go deireanach le hAirteagal 2 de 'Dlí Uimh. 71-A/2021 an 13 Lúnasa';

(g) an tacaíocht speisialta nua d'oibrithe féinfhostaithe, d'oibrithe neamhfhoirmiúla agus do bhainisteoirí, dá bhforáiltear in Airteagail 26 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta', arna leasú go deireanach le hAirteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 31/2020 an 11 Lúnasa', chomh maith le hAirteagal 325-G de 'Dlí Uimh. 2/2020 an 31 Márta', mar a cuireadh leis le hAirteagal 3 de 'Dlí Uimh. 24-A/2020 an 24 Iúil';

(h) an liúntas teaghlaigh nua d'oibrithe nach féidir leo a bheith ag obair de bharr gur gá cúnamh a thabhairt dá bpáistí atá faoi 12 bhliain d'aois nó, gan beann ar aois, atá faoi mhíchumas nó a bhfuil tinneas ainsealach orthu, dá bhforáiltear in Airteagal 23 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta', arna leasú go deireanach le hAirteagal 3 de 'Dlí Uimh. 16/2021 an 7 Aibreán';

(i) an tacaíocht speisialta nua chun conarthaí fostaíochta oiliúnóirí a choinneáil i bhfianaise na gairmoiliúna a cuireadh ar ceal dá bhforáiltear in 'Ordú Rialtais Uimh. 3485-C/2020 an 19 Márta', 'Ordú Rialtais Uimh. 4395/2020 an 10 Aibreán' agus 'Ordú Rialtais Uimh. 5897-B/2020 an 28 Bealtaine';

(j) na bearta réigiúnacha a bhaineann leis an bhfostaíocht i réigiún féinrialaitheach na nAsór dá bhforáiltear in 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 97/2020 an 8 Aibreán', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 120/2020 an 28 Aibreán', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 128/2020 an 5 Bealtaine', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 129/2020 an 5 Bealtaine', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 195/2020 an 15 Iúil', 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 196/2020 an 15 Iúil' agus 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach na nAsór Uimh. 200/2020 an 17 Iúil';

(k) na bearta réigiúnacha a bhaineann leis an bhfostaíocht i réigiún féinrialaitheach Mhaidéara, dá bhforáiltear in 'Rún ó Chomhairle Rialtas Réigiúnach Mhaidéara Uimh. 101/2020 an 13 Márta' agus 'Reacht Uimh. 133-B/2020 ó Leas-Uachtaránacht Rialtas Réigiúnach Mhaidéara agus ón Rúnaíocht Réigiúnach um Chuimsiú Sóisialta agus Saoránacht an 22 Aibreán';

(l) an liúntas nua d'oibrithe féinfhostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe ar cuireadh cosc sealadach orthu a ngníomhaíochtaí gairmiúla a fheidhmiú toisc go raibh siad i leithlisiú próifiolacsach, dá bhforáiltear in Airteagail 19 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta', arna leasú le hAirteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 62-A/2020 an 3 Meán Fómhair', agus Airteagal 325-F de 'Dlí Uimh. 2/2020 an 31 Márta', arna leasú le hAirteagal 3 de 'Dlí Uimh. 27-A/2020 an 24 Iúil';

(m) an liúntas breoiteachta nua de bharr tolgadh COVID-19, dá bhforáiltear in 'Ordú na nAirí Saothair, Dlúthpháirtíochta agus Slándála Sóisialta, agus Sláinte Uimh. 2875-A/2020 an 3 Márta', Airteagal 20 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta', arna leasú le hAirteagal 2 de 'Dlí Foraithne Uimh. 62-A/2020 an 3 Meán Fómhair', agus Airteagal 325-F de 'Dlí Uimh. 2/2020 an 31 Márta, arna leasú le hAirteagal 3 de 'Dlí Uimh. 27-A/2020 an 24 Iúil';

(n) trealamh cosanta pearsanta a cheannach lena úsáid san ionad oibre, go háirithe in ospidéil phoiblí, in aireachtaí líne, i mbardais agus i réigiúin fhéinrialaitheacha na nAsór agus Mhaidéara, dá bhforáiltear in 'Norm Uimh. 012/2020 an 6 Bealtaine', arna leasú an 14 Bealtaine 2020, agus in 'Norm Uimh. 013/2020 an 10 Meitheamh', arna leasú an 23 Meitheamh 2020, an dá cheann arna n-eisiúint ag Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte na Portaingéile, chomh maith le 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta';

(o) an feachtas um shláinteachas scoile atá dírithe ar a áirithiú go bhfillfidh léachtóirí, baill foirne eile agus mic léinn ar an obair go sábháilte,. dá bhforáiltear in 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020 an 13 Márta';

(p) tástáil maidir le tolgadh COVID-19 a dhéanamh ar othair chónaitheacha agus ar oibrithe in ospidéil phoiblí, chomh maith le fostaithe i dtithe altranais agus in áiseanna cúram leanaí, dá bhforáiltear in 'Norm Uimh. 012/2020 an 6 Bealtaine', arna leasú an 14 Bealtaine 2020, agus in 'Norm Uimh. 013/2020 an 10 Meitheamh', arna leasú an 23 Meitheamh 2020, an dá cheann arna n-eisiúint ag Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte na Portaingéile;

(q) an cúiteamh speisialta nua d'oibrithe sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte a bhfuil baint acu sa troid in aghaidh ráig COVID-19, dá bhforáiltear in Airteagal 42-A de 'Dlí Uimh. 2/2020 an 31 Márta', arna leasú le hAirteagal 3 de 'Dlí Uimh. 27-A/2020 an 24 Iúil', agus le hAirteagal 291 de 'Dlí Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig';

(r) an scéim tacaíochta urghnách nua d'oibrithe féinfhostaithe, d'oibrithe nach bhfuil rochtain acu ar shásraí cosanta sóisialta eile, agus do bhainisteoirí a ndearna paindéim COVID-19 difear ar leith dá n-ioncam, dá bhforáiltear in Airteagal 156 de 'Dlí Uimh. 75-B/2020 an 31 Nollaig', agus faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i bpointí (2) (c) go (f) ann, mar a shonraítear a thuilleadh in 'Reacht Uimh. 19-A/2021 ón Rialtas an 25 Eanáir', agus arna leathnú le hAirteagal 12 de 'Dlí Foraithne Uimh. 104/2021 an 27 Samhain';

(s) an scéim tacaíochta sóisialta nua d'ealaíontóirí, d'údair, do theicneoirí agus do ghairmithe ealaíne eile dá bhforáiltear i bpointe 2.5.1 den 'Iarscríbhinn a ghabhann le Rún ó Chomhairle na nAirí Uimh. 41/2020 an 6 Meitheamh', mar a shonraítear a thuilleadh in Airteagail 10 go 12 de 'Reacht Uimh. 180/2020 ón Rialtas an 3 Lúnasa' agus arna leathnú le hAirteagail 5 go 7 den 'Iarscríbhinn a ghabhann le Reacht Uimh. 37-A/2021 ón Rialtas an 15 Feabhra';

(t) fostú gairmithe cúraim sláinte breise agus ragobair sa tSeirbhís Náisiúnta Sláinte chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an bpaindéim, dá bhforáiltear in Airteagal 6 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2020' an 13 Márta agus in Airteagail 4 go 8 de 'Dlí Foraithne Uimh. 10-A/2021 an 2 Feabhra'.".

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na Portaingéile a dhírítear an Cinneadh seo.

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a dtabharfar fógra ina leith don seolaí.

*Airteagal 3*

Foilseofar an Cinneadh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 25 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. SÍKELA